



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 GO 4.50

Scrúduimhir

--

Don Scrúdaitheoir amháin

Cuid a hAon Ceisteanna Gearrfhreagra	Móriomlán Marcanna	Scr Comh	Scr Ach
Ceist 1			
Ceist 2			
Ceist 3			
Ceist 4			
Ceist 5			
Ceist 6			
Ceist 7			
Ceist 8			
Ceist 9			
Ceist 10			
Ceist 11			
Ceist 12			
Marc Carnach			
Marc Dícheadaithe			
Marc Glan			

N.B. Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar nó caillfear marcanna.


CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Freagair DEICH gceist

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH

1. Oighriú



- (i) Scrúdaigh an fótagraf thuas agus ansin meaitseáil gach ceann de na tuairiscí sa táblá thíos le ceann **amháin** de na litreacha sa léaráid.

Tuairisc	Litreacha
Log domhain i sliabh ar a dtugtar Coire nó Cirque .	
Droim mar a bheadh scian ar a dtugtar Airéit	
Adharc Phirimidiúil arb é creimeadh oighreach is cúis léi.	


- (ii) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
“D’fhoirmigh **sil-leagan oighreach** na gnéithe go léir atá san fhótagraf thuas.”

a. Fíor

b. Bréagach

[10 marc]

2. Iascaireacht in Éirinn



Déan staidéar ar an gcairt thuas a léiríonn gabhálacha iascaireachta na hÉireann idir 2002 agus 2006 agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Abair cé acu ar tháinig méadú nó laghdú ar an ngabháil iomlán idir 2002 agus 2006.

(b) Cérbh í an ghabháil iomlán sa bhliain 2003?

(c) Cén bhliain a raibh an ghabháil ab airde?


(d) Cén bhliain a raibh an ghabháil ab ísle?

(e) Luaigh cúis **amháin** ar tháinig laghdú ar an ngabháil iomlán éisc amach ó chósta na hÉireann.

[10 marc]

3. **Gnéithe Fisiceacha ar Léarscáileanna agus i bhFótagraif**

Déan staidéar ar na sleachta thíos as léarscáil agus as fótagraif agus freagair na ceisteanna.



(i) Ceanglaíonn an ghné atá marcáilte le **X** ar an léarscáil Oileán Iomaí leis an mórhír. Scríobh a **ainm** ceart sa bhosca thíos.

(ii) Ar foirmíodh le **Sil-leagan** nó le **Creimeadh** í? Scríobh an **freagra** ceart sa bhosca thíos.


(iii) Ainmnigh an gné atá marcáilte le **Y** san fhótagraf. Scríobh a **hainm** cheart sa bhosca thíos.

(iv) Ar foirmíodh le **Sil-leagan** nó le **Creimeadh** í? Scríobh an freagra **ceart** sa bhosca thíos.

(v) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart. “Tá an abhainn san fhótagraf sa chúrsa meánach agus í ag lúbadh.”

Fíor

Bréagach



[10 marc]

4. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

- (a) Ainmnigh an bóthar a bhfuil carrbhealach dúbailte le fáil air.

- (b) Tomhais an fad feadh an iarnróid ón stáisiún i nGaillimh go dtí an pointe ag a bhfágann sé an léarscáil ag **M390261**.

[10 marc]

5. Léarscáileanna Suirbhéireacht Ordanáis

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.


- (i) Ainmnigh an ghné ársa atá le fáil ag gach ceann faoi seach de na tagairtí eangaí seo a leanas:

- M286294 _____
- M370287 _____
- M343307 _____
- M311246 _____

- (ii) Cén treo go ginearálta a shreabhann Abhainn na Gaillimhe (na Coiribe)?

[10 marc]

6. Bolcáin



Foinse: softpedia.com

Scrúdaigh an léarscáil de bholcán a léirítear thuas.

Bain úsáid as na téarmaí seo a leanas **chun na bearnaí sa léaráid a líonadh:**

- Craos
- Cón tánaisteach
- Scamall luaithe
- Cráitéar
- Seomra magma

[10 marc]

7. Réigiúin na hEorpa

Déan an Cineál Réigiúin (litir) a nascadh leis an Sampla san Eoraip (uimhir) sa bhosca atá curtha ar fáil. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

	Cineál Réigiúin		Sampla san Eoraip	Litir	Uimhir
A	Réigiún de Mheath Tionsclaíoch	1	Na hAlpa	A	6
B	Réigiún Sléibhe	2	Machaire na hIodáile Thuaidh	B	
C	Réigiún Aeráide	3	Mezzogiorno	C	
D	Croíréigiún	4	Meánmharach	D	
E	Réigiún Cultúir	5	Gaeltacht in Éirinn	E	
F	Réigiún Tearcfhorbartha	6	Nord/Pas de Calais	F	

[10 marc]

8. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Ghailimh atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

- (i) An fótagraf ceartingearach nó fótagraf sceabhach é?

- (ii) Agus an ghnáthnodaireacht á húsáid agat (e.g. sa Chúlra ar Dheis etc. . .) luaigh suíomh na náiteanna seo a leanas:

Séipéal: _____


Eastát Tithíochta: _____

- (iii) Luaigh an séasúr inar tógadh an fótagraf seo, dar leat?

- (iv) Tabhair cúis amháin mar thaca le do fhreagra in (iii).

[10 marc]

9. Léarscáileanna Aimsire



- (i) Léiríonn an chart aimsire fronta te agus fronta fuar. Cuir na litreacha cheart sna bhoscaí thíos chun an tábla a chomhlánú.

Cineál Fronta	Litir
Fronta Te	
Fronta Fuar	

- (ii) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
 “Is é an brú baraiméadrach atá os cionn na hÉireann ar an gcairt ná **998mb**.”

- a. Fíor
- b. Bréagach


- (iii) Léigh an ráiteas seo a leanas agus cuir **X** sa bhosca ceart.
 “Is í an aimsir a mbeadh súil agat léi in Éirinn dá mbeadh **Fronta Te** os ár gcionn ná:

Ceathanna	
Báisteach éadrom nó báisteach throm gan stad	

- (iv) Scríobh sa bhosca thíos an t-ainm a thugtar de ghnáth ar **aeráid na hÉireann**.

[10 marc]

10. Dinimic Daonra



Déan staidéar ar an gcairt thuas a léiríonn tíortha tionscnaimh na n-imirceach go hÉirinn ina gcéatadáin agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Luaigh **ainm** agus **céatadán** na tíre as a dtáinig an líon is mó imirceach agus scríobh do chuid freagraí sna boscaí thíos.

Ainm	
Céatadán	

- (ii) Luaigh **ainm** agus **céatadán** na tíre as a dtáinig an céatadán is lú imirceach agus scríobh do chuid freagraí sna boscaí thíos.

Ainm	
Céatadán	

- (iii) Ríomh an **difríocht chéatadánach** idir an dá thír a dáinmigh tú thuas agus scríobh do fhreagra sa bhosca thíos.

Difríocht Chéatadánach	
-----------------------------------	--

[10 marc]



11. Gnéithe Fisiceacha

Is gnéithe iad seo go léir a leanas de **chreimeadh** nó de **shil-leagan**. I ngach cás faoi seach, abair cé acu ar foirmíodh í trí chreimeadh nó trí shil-leagan. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

Gné	Creimeadh/Sil-leagan
Gob Gainimh	
Speireacha Comhthrasnacha	Creimeadh
Loch Ribíneach	
Bloc corr	
Poll Séideáin	
Eas	

[10 marc]

12. Íomhánna Satailíte



Déan staidéar ar na fótagraif shatailíte thuas agus nasc an tuairisc le huimhir cheart an fhótagraif sa tábla thíos. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

Tuairisc	Fótagraf
Oighearshruth sna hAlpa	
Sciarradh talún sa Phacastáin	
Lúblocha agus lúba ar abhainn	
Fásach sa Libia san Afraic Thuaidh	
Aillte ar chósta thiar Cheanada	
Foraois bháistí san Astráil	5

[10 marc]

CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as Roinn 1
- Ceist **amháin** as Roinn 2

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR

ROINN 1 – CROÍCHÚRSA

NÍ MÓR duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

CEIST AMHÁIN as **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiceach**

AGUS

CEIST AMHÁIN as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT FHSICEACH

Freagair ceist AMHÁIN

Ceist 1

A. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACTH ORDANÁIS

Scrúdaigh an tsliocht léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar atá léirithe agus **marcáil** agus **ainmnigh** uirthi iad seo a leanas:

- Imlíne Chuan na Gaillimhe
- Limistéar sil-leagan cósta
- Abhainn na Gaillimhe (na Coiribe)
- Oileán ainmnithe
- Loch an tSáile

[30 marc]

B. PRÓISIS DROMCHLA

Roghnaigh ceann **amháin** ar bith de na próisis dromchla seo a leanas:

- Oibriú farraige/muirí
- Oibriú abhann
- Oighearshruth
- Ollghluaiseacht

agus le cabhair léaráidí mínigh foirmiú **dhá** cheann ar bith de na gnéithe tíre arb é an próiseas atá roghnaithe agat is cúis leo.

[40 marc]

C. IDIRGHABHÁIL AN DUINE




Déanann daoine iarracht smacht a chur ar na próisis nádúrtha a bhíonn ag oibriú sa tírdhreach a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le tubaistí ar nós sciorthaí talún nó sceitheadh (tuillte) (mar atá le feiceáil san fhótagraf thuas).

Agus tagairt agat do **shampla** a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos agus mínigh bealach amháin ar féidir le daoine próisis abhann nó próisis mhuirí/farraige nó ollghluaiseacht a smachtú.

[30 marc]

Ceist 2

A. Teicteonaic Phlátaí



(Geofís-National Geography Support Service)

Déan scrúdú ar an teascléaráid den domhan thuas. **I do fhreagarleabhar meaitseáil** gach ceann de na hainmneacha seo a leanas le litir ón léaráid.

- Screamh Ilchríochach
- Croí Lasmuigh
- Maintlín
- Screamh Aigéin
- Croí Laistigh

[30 marc]

B. Creathanna Talún

Mínigh go mion conas a tharlaíonn creathanna talún. Déan tagairt i do fhreagra do **shampla ainmnithe** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[40 marc]


C. Tionchar Creathanna Talún

Déan cur síos ar thionchar gearrthéarmach **amháin** agus ar thionchar fadtéarmach **amháin** a d'imir crith talún a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30 marc]

Ceist 3

A. An Timthriall Carraige



Maidir leis na boscaí a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu ar an léaráid thuas den Timthriall Carraige, **luaigh i do fhreagarleabhar** cén litir a sheasann do **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Carraig Dhríodair
- Carraig Mheiteamorfach
- Bruthcharraig

[30 marc]

B. Réigiún Charst

Cad é an **príomhchineál carraige** atá le fail i réigiún Charst mar an Bhoireann i gContae an Chláir?

Déan cur síos go mion ar conas a fhoirmítear an cineál carraige seo.

[30 marc]

C. Réigiún Charst

Mínigh le cabhair léaráidí conas a fhoirmítear **dhá cheann** ar bith de na gnéithe tíre faoi thalamh atá le fáil i réigiún Carst mar an Bhoireann. Luaigh sampla ainmnithe amháin de gach ceann i do fhreagra.

[40 marc]

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Freagair ceist **AMHÁIN**

Ceist 4

A. Éire – Réigiúin

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an léarscáil sin marcáil agus ainmnigh:

- **Dhá** réigiún chodarsnacha
- Limistéar sléibhe ainmnithe **amháin nó** abhainn ainmnithe **amháin** i ngach réigiún.

[30 marc]

B. Réigiúin in Éirinn

Mínigh **dhá** thoise a imríonn tionchar ar thalmhaíocht **nó** ar thionscal i réigiún **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

[40 marc]

C. Turasóireacht sna Réigiúin

Déan cur síos ar an tionchar a imríonn Aeráid **nó** Tírdhreach Fhisiceach ar fhorbairt na turasóireachta i **Réigiún Eorpach amháin – taobh amuigh d'Éirinn** – a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

[30 marc]

Ceist 5

A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil de **Réigiún Eorpach ar bith – taobh amuigh d’Éirinn – nó de Réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin marcáil agus ainmnigh:

- Dhá chathair
- Abhainn amháin
- Sliabhraon amháin

[30 marc]

B. Réigiúin Eorpacha

Ainmnigh **Réigiún Eorpach amháin – taobh amuigh d’Éirinn** – a bhfuil staidéar déanta agat air. Déan cur síos ar fhorbairt thionscal na talmhaíochta **nó** ar fhorbairt tionscal déantúsaíochta sa réigiún sin. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

[30 marc]

C. Tionscail Déantúsaíochta

Déan scrúdú ar an tábhacht a bhaineann le tionscail déantúsaíochta do **Réigiún Neamh-Eorpach Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

[40 marc]

Ceist 6

A. Baineann na staitisticí thíos leis an líon cuairteoirí agus leis an gcúis a dtagann siad go hÉirinn.

Sonraí maidir le Cuairteoirí go hÉirinn de réir an Chúis atá leis an Turas, na Staitisticé agus na Bliana						
	Líon na gCuairteoirí go hÉirinn (Mílte)					
	1999	2000	2001	2002	2003	2004
Gnó	994	1,074	975	906	854	926
Laethanta Saoire Fóillíocht Caitheamh Aimsire	3,306	3,346	3,177	3,242	3,334	3,413
Cuairt ar Chairde/Ghaolta	1,439	1,564	1,566	1,603	1,736	1,807
Eile	328	328	273	314	445	429
Tomláin	6067	6312	5991	6065	6369	6575

(Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

- (i) Cén bhliain a dtáinig an líon ba mhó cuairteoirí go hÉirinn?
- (ii) Cé mhéid cuairteoirí a tháinig go hÉirinn sa bhliain 2001?
- (iii) Scríobh síos ón tábla an chúis a thugann formhór na gcuairteoirí lena dteacht go hÉirinn.
- (iv) Cé mhéid díobh a thug “Cuairteanna ar Chairde/Ghaolta” mar chúis sa bhliain 2001?
- (v) Cén bhliain a dtáinig an líon ba lú cuairteoirí go hÉirinn?

[30 marc]

B. Réigiúin in Éirinn

D’imir an tAontas Eorpach tionchar mór ar fhorbairt na réigiún in Éirinn lena chuid polasaithe agus le dáileadh cistí. Déan cur síos ar thionchar an AE ar réigiún **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

[30 marc]

C. Gníomhaíochtaí Príomhúla

Ar na gníomhaíochtaí príomhúla áirítear feirmeoireacht, iascaireacht, mianadóireacht agus foraoiseacht.

Déan cur síos ar an ról a imríonn ceann **amháin** ar bith díobh sin ar gheilleagar réigiúin Eorpaigh – taobh amuigh d’Éirinn.

[40 marc]

PATRÚIN AGUS PRÓISIS I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA

Freagair ceist AMHÁIN

Ceist 7

A. Comhpháirtithe Trádála na hÉireann

Taispeánann an tábla thíos príomh-chomhpháirtithe trádála na hÉireann sa bhliain 2006. Déan scrúdú ar an tábla agus freagair na ceistanna ina dhiaidh i do fhreagarleabhar.

Comhpháirtí	Allmhairí (€m)	Onnmhairí (€m)
An Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann	19,392.7	15,549.8
Tíortha Eile AE	17,135.7	39,291.5
SAM	6,813.1	16,207.1
An Chuid Eile den Domhan	17,426.1	15,811.6
Iomlán	60,767.6	86,860.0

(Foinse: POS)

- (i) Cén réigiún as a bhfaigheann Éire an chuid is mó dá cuid allmhairí?
- (ii) Cén **dá** réigiún as a n-allmhairimid níos mó ná mar a n-onnmhairimid chucu?
- (iii) Cén comhpháirtí a dtéann an chuid is mó d'onnmhairí na hÉireann chuige?
- (iv) De cé mhéid a raibh onnmhairí na hÉireann níos mó ná a cuid allmhairí sa bhliain 2006?

[30 marc]

B. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis

Déan scrúdú ar an tsliochtléarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000 atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Tá Gaillimh agus an limistéar máguaird ar cheann de na príomhréigiúin turasóireachta in Éirinn.

- **Ainmnigh** agus le **tagairtí eangai tabhair** na suímh atá ag **dhá** shampla ar bith de na taitneamhachtaí turasóireachta atá ar an léarscáil.
- Scríobh cuntas gearr ar shuíomh **gach taitneamhacht turasóireachta**.

[40 marc]

C. Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN)

- (i) **Ainmnigh** Cuideachta Ilnáisiúnta ar bith atá ag feidhmiú in Éirinn, agus abair **cá bhfuil** sí suite in Éirinn.
- (ii) Mínigh buntáiste **amháin** a thugann cuideachtaí ilnáisiúnta go hÉirinn.
- (iii) Mínigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cuideachtaí ilnáisiúnta dá leithéid a bheith ag feidhmiú in Éirinn.

[30 marc]

Ceist 8

A. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis

Déan scrúdú ar **an tsliochtlearscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000** agus ar an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Tarraing sceitse den limistéar atá cuimsithe sa sliocht seo. **Marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas air:

- Eastát tionsclaíoch
- An bóthar N6
- An líne iarnróid
- Aerfort na Gaillimhe
- An bealach farantóireachta i gCuan na Gaillimhe

[30 marc]

B. Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn



Foinse: SEI

- Ainmnigh **dhá** fhoinsé fuinnimh in-athnuaite atá oiriúnach le húsáid in Éirinn.
- Déan cur síos agus mínigh **gach** foinsé fuinnimh in-athnuaite atá ainmnithe agat in (i).

[30 marc]

C. An Timpeallacht (Imshaol)

Is fadhbanna móra timpeallachta idirnáisiúnta iad seo a leanas:

- Báisteach aigéadach
- Téamh domhanda

I gcás ceann **amháin** de na saincheisteanna sin (ainmnigh an tsaincheist atá roghnaithe agat i do fhreagra):

- Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt a bhaineann leis an bhfadhb.
- Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina ndéanann daoine iarracht an fhadhb a réiteach.

[40 marc]

Ceist 9**A. Geilleagair Tíortha**

Léiríonn an tábla thíos staitisticí do chúig tír. Scrúdaigh an tábla agus i do fhreagarleabhar freagair na ceistanna ina dhiaidh.

	An Bheilg	An Bhrasaíl	An Chambóid	Éire	SAM
OIN per capita(US\$)	38,600	4,730	480	45,580	44,970
Ionchas Saoil	79	71	57	79	78
Daonra (milliúin)	10.5	188.7	14.4	4.2	299.0
Fás sa Daonra (%)	0.1	1.2	2.0	1.2	0.9
Rollú Scoile (%)	98.7	95.3	98.9	96.3	92.1

OIN = Ollioncam Náisiúnta

(Foinse: An Banc Domhanda)

- (i) Cén tír ag a bhfuil an ráta ionchais saoil is ísle?
- (ii) Cén tír ag a bhfuil an figiúr is airde do rollú scoile?
- (iii) Cén tír ag a bhfuil an ráta fáis is lú sa daonra?
- (iv) Cad é Ollioncam Náisiúnta na hÉireann? (OIN)?
- (v) Cén tír, dar leat, arb í an ceann is lú forbartha í (Is boichte)?

[30 marc]

B. Geilleagair an Domhain

- (i) Ainmnigh geilleagar **amháin** atá forbartha agus geilleagar **amháin** atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat orthu.
- (ii) I gcás **gach ceann** de na geilleagair atá ainmnithe agat in (i), mínigh fadhb **amháin** a bhaineann le gach ceann díobh.

[40 marc]

C. An tAontas Eorpach

Is toisc mhór í ballraíocht san Aontas Eorpach i bhforbairt eacnamaíoch na hÉireann. Déan cur síos ar **dhá** bhealach inar bhain Éire buntáiste as a ballraíocht san Aontas Eorpach.

[30 marc]

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA

Freagair ceist **AMHÁIN**

Ceist 10

A. Daonra in Éirinn

Tagraíonn an tábla thíos do dhaonra Chúige Chonnacht sa bhliain 2006.

Contae	Daonra Iomlán
Contae na Gaillimhe	159,256
Liatroim	28,950
Maigh Eo	123,839
Ros Comáin	58,768
Sligeach	60,894

(Foinse: POS)

Bain úsáid as grafpháipéar chun graf a tharraingt a léiríonn na sonraí sa tábla thuas.

[30 marc]

B. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis

Déan scrúdú ar an tsliochtléarscáil **Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000** agus ar an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Samhlaigh gur tugadh mar thasc duit eastát tithíochta nua a shuíomh.

- (i) Agus úsáid á baint agat as **tagairt eangaí** luaigh go soiléir cá suífeá an t-eastát tithíochta.
- (ii) Mínigh go soiléir cúis **amháin** i bhfabhar an tsuímh seo agus cúis **amháin** ina choinne.

[30 marc]

C. Imirce

- (i) Mínigh **dhá** chúis go dtéann daoine óga ar imirce ó áiteanna in Iarthar na hÉireann go dtí réigiún Bhaile Átha Cliath.
- (ii) Mínigh **dhá** fhadhb a chruthaíonn an imirce seo do réigiún Bhaile Átha Cliath.

[40 marc]

Ceist 11

A. Aerofótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil den limistéar atá léirithe san aerfótagraf. Ar do shracléarscáil marcáil agus ainmnigh iad seo a leanas:

- Limistéar caitheamh aimsire (fóillíochta)
- **Dhá** shéipéal
- An LLG (Lárlimistéar Gnó)
- Eastát tithíochta nua-aimseartha

[30 marc]


B. Staidéar Uirbeach

“Tá mórán cathracha sa Domhan Atá i mBéal Forbartha ag leathnú (fás) go tapa i ngeall ar inimirce ó na ceantair thuaithe.”

- Ainmnigh cathair ar bith atá ag leathnú sa Domhan atá i mBéal Forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
- Mínigh **dhá** fhadhb atá ann don chathair sin i ngeall ar a daonra bheith ag dul i méid.

[30 marc]

C. Mionsamhlacha d’Usáid Talún




Déan scrúdú ar an dá mhionsamhail d’usáid talún ó Hoyt agus Burgess a léirítear thuas.

Mínigh **dhá** cheann de na príomhdhifríochtaí atá idir an dá mhionsamhail.

[40 marc]

Ceist 12

A. Athrú sa Daonra



(Foinse: Internet Geography)

Scrúdaigh an mhionsamhail d'athrú déimeagrafach thuas a léiríonn an t-athrú ar dhaonra le himeacht ama i dTír Fhorbartha. I do fhreagarleabhar freagair na ceisteanna seo a leanas:

- (i) Ainmnigh céim amháin sa léaráid ag a bhfuil an ráta beireatais agus an ráta báis beagnach comhionann.
- (ii) Cén chéim sa léaráid ag a bhfuil an méadú (fás) nádúrtha is airde?
- (iii) Déan staidéar ar an gcairt arís agus **athscríobh** an t-alt thíos isteach i do fhreagarleabhar agus líon na bearnaí agus úsáid á baint agat as na focail sa bhosca mar chabhair duit.

'Tá an méadú nádúrtha ar an daonra _____ I gcéim 1. I gcéim 2 _____ sé go tapa de réir mar a tharlaíonn méadú ar an ráta beireatais agus _____ ar an ráta báis. Faoi chéim 4 moillíonn an méadú nádúrtha toisc go bhfuil an ráta beireatais agus an ráta báis beagnach _____.

éiríonn


íseal

comhionann

titim

[30 marc]

B. Pírimidí Daonra



(Foinse: US Census Bureau)

Scrúdaigh na pírimidí daonra thuas don Tansáin agus don Ghearmáin sa bhliain 2000. Déan cur síos ar **dhá** dhifríochtaí atá idir struchtúr daonra na Tansáine agus struchtúr daonra na Gearmáine mar a léirítear iad sna pírimidí.

[30 marc]

C. Fadhbhanna Tráchtá

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

- (i) Aimsigh **dhá** limistéar inar féidir le plódú tráchtá fadhbanna a chruthú agus an ghnáthnodaireacht á húsáid (e.g. Cúlra ar Dheis etc...)
- (ii) Roghnaigh limistéar **amháin** atá roghnaithe i gcuid (i) agus úsáid á baint agat as fianaise ó na fótagraif, mínigh cén fáth ar féidir go dtarlódh plódú tráchtá ag an suíomh sin.
- (iii) Déan scrúdú mion ar réiteach féideartha **amháin** ar an bplódú tráchtá seo.

[40 marc]

Leathanach Bán

Leathanach Bán